Uimhir 39 *de* 2014

An tAcht um Thrácht ar Bhóithre (Uimh. 2), 2014

[*An tiontú oifigiúil*]

Uimhir 39 *de* 2014

AN tACHT UM THRÁCHT AR BHÓITHRE (UIMH. 2), 2014

[*An tiontú oifigiúil*]

CLÁR AN ÁBHAIR

Alt

1. Mínithe
2. Leasú ar Acht 2002 — pointí pionóis a fhormhuiniú
3. Pointí pionóis áirithe a fhormhuiniú
4. Gearrtheideal agus comhlua

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

An tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 1961 (Uimh. 24)

An tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 2002 (Uimh. 12)

An tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 2006 (Uimh. 23)

An tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 2010 (Uimh. 25)

An tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 2014 (Uimh. 3)

Uimhir 39 *de* 2014

AN tACHT UM THRÁCHT AR BHÓITHRE (UIMH. 2), 2014

[*An tiontú oifigiúil*]

Acht do leasú an Achta um Thrácht ar Bhóithre, 2002 agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe comhghaolmhara.

[25 *Nollaig* 2014]

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

Mínithe

1. San Acht seo—

ciallaíonn "Acht 2002" an tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 2002;

ciallaíonn "Acht 2014" an tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 2014;

tá le "iontráil", "pointe pionóis" agus "cion pointí pionóis" na bríonna céanna atá leo in Acht 2002;

ciallaíonn "Aire" an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Leasú ar Acht 2002 — pointí pionóis a fhormhuiniú

2. (1) Leasaítear alt 2 d'Acht 2002 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

"(1) I gcás go ndéanfaidh duine íocaíocht faoi alt 103 (arna chur isteach le halt 11) den Phríomh-Acht nó faoi alt 37 nó 44 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 2010 i leith cion líomhnaithe pointí pionóis (seachas cion den sórt sin a shonraítear ag uimhir thagartha 2A, 3, 8, 9, 10, 12, 14 nó 19 i gcolún (2) de Chuid 1 den Chéad Sceideal), déanfar, faoi réir agus de réir fhorálacha an Achta seo, líon na bpointí pionóis a shonraítear i gcolún (4) den Sceideal sin os coinne lua an chiona sa cholún sin (2), arna shonrú amhlaidh lá déanta an chiona líomhnaithe, a fhormhuiniú ar an iontráil a bhaineann leis an

duine i leith an chiona líomhnaithe.”.

(2) Leasaítear alt 2(2) d’Acht 2002 trí “, arna shonrú amhlaidh lá déanta an chiona líomhnaithe,” a chur isteach i ndiaidh “den Sceideal sin”.

(3) Leasaítear Cuid 1 (arna leasú le halt 10(a) d’Acht 2014) den Chéad Sceideal a ghabhann le hAcht 2002, i gcolún (2) ag uimhir thagartha 2, trí “alt 18(2)” a chur in ionad “alt 18”.

(4) Scriostar Cuid 8 (a cuireadh isteach le halt 16(2)(e) den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 2006) den Chéad Sceideal a ghabhann le hAcht 2002.

Pointí pionóis áirithe a fhormhuiniú

3. (1)D’ainneoin Airteagal 3 den Ordú fán Acht um Thrácht ar Bhóithre, 2014 (Forálacha Áirithe) (Tosach Feidhme), 2014 (I.R. Uimh. 147 de 2014), measfar nár tháinig alt 8(b)(i) d’Acht 2014 riamh i ngníomh.

(2) Leasaítear alt 8(b) d’Acht 2014 trí fhomhír (i) a scriosadh.

(3) Más rud é, aon tráth le linn na tréimhse ón 1 Lúnasa 2014 go dtí dáta rite an Achta seo, go ndearna duine íocaíocht faoi alt 103 (a cuireadh isteach le halt 11 d’Acht 2002) den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961 i leith cion líomhnaithe pointí pionóis (seachas cion den sórt sin a shonraítear ag uimhir thagartha 2A, 3, 8, 9, 10, 12, 14 nó 19 i gcolún (2) de Chuid 1 den Chéad Sceideal a ghabhann le hAcht 2002) agus más rud é, ar an íocaíocht sin a dhéanamh le comhalta den Gharda Síochána nó le duine arna cheapadh nó arna ceapadh faoin alt sin 103, gur chuir Coimisinéir an Gharda Síochána nó duine arna cheapadh nó arna ceapadh faoin alt sin 103 faoi deara fógra i dtaobh na híocaíochta a thabhairt don Aire ach nár cuireadh faoi deara aon phointí pionóis a fhormhuiniú ar an iontráil a bhaineann leis an duine i leith an chiona líomhnaithe sin, cuirfidh an tAire faoi deara go ndéanfar (faoi réir agus de réir fhorálacha Acht 2002, seachas alt 2(5)), a luaithe is féidir tar éis an tAcht seo a rith, líon na bpointí pionóis a shonraítear i gcolún (4) den Sceideal sin os coinne lua an chiona sa cholún sin (2), arna shonrú amhlaidh lá déanta an chiona líomhnaithe, a fhormhuiniú ar an iontráil a bhaineann leis an duine i leith an chiona sin, agus measfar gur formhuiniú de bhun alt 2(5) d’Acht 2002 an formhuiniú sin.

(4) Dá mba rud é go mbeadh an t-alt seo, murach an fo-alt seo, ar neamhréir le ceart bunreachtúil aon duine, beidh oibriú an ailt seo faoi réir cibé teorannú is gá chun a áirithiú nach mbeidh sé ar neamhréir amhlaidh ach beidh lánfheidhm aige agus lánéifeacht leis thairis sin.

Gearrtheideal agus comhlua

4. (1) Féadfar an tAcht um Thrácht ar Bhóithre (Uimh. 2), 2014 a ghairm den Acht seo.

(2) Folaíonn an comhlua “na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, 1961 go 2014” an tAcht seo.